Loch nEathach

Cuid 2

Loch nEathach

Cuid 2

Ar ndóigh tá scéal eile ann faoin loch. Scéal eile atá againn ón bhéaloideas.

Bhí fear in Éirinn i bhfad ó shin a raibh Fionn Mac Cumhaill air. Bhí Fionn ard láidir. Bhí a arm féin aige a raibh 'na Fianna' air. Bhí Fionn ag déanamh nach raibh fear ar bith ar an domhan chláir a bhí chomh láidir ná chomh maith leis i mbun troda. Bhí sin maith go leor. Ach ag an am seo bhí fear mór ina chónaí in Albain a raibh an Fear Rua air. Bhí an fear seo ag déanamh nach raibh duine ar bith ar an domhan a bhí chomh maith leis i mbun troda. Ansin, chuala an bheirt iomrá ar a chéile ach ní raibh duine acu ag iarraidh labhairt leis an duine eile ar eagla na heagla, tá a fhios agat.

Lá amháin shíl an Fear Rua gur chóir dó dul anonn lena fháil amach cad é mar a bhí Fionn Mac Cumhaill. Bhí Fionn agus a bhean ag obair sa bhaile an lá sin. Lá breá gréine a bhí ann. Bhí an lá brothallach agus shuigh Fionn síos. Bhí sé ag ól deoch uisce nuair a d'éirigh an lá scamallach. Sin a shíl Fionn ach nuair a d'amharc sé suas cad é a chonaic sé ach fear ollmhór ag teacht chuige. Rith Fionn ar nós na gaoithe isteach sa teach. Bhí iontas ar a bhean. Bhí Fionn ar crith le heagla.

"An bhfuil eagla ort?" arsa a bhean. "Tusa, Fionn Mac Cumhaill, ceannaire na bhFiann, agus eagla ort roimh fhear eile. Ní chreidim seo. Cad é a tháinig ort ar chor ar bith?"

"Amharc amach ar an doras agus chífidh tú cad é a tháinig orm."

D'amharc. Bhí iontas an domhain uirthi.

"Tá sé sin níos mó ná fear ar bith a chonaic mise riamh," arsa bean Fhionn. "Tá sé sin rómhór agatsa. Imigh leat isteach sa chliabhán. Tarraing na pluideanna anuas ort agus ná habair focal ar bith. Cuir cluas ort féin. Fág gach rud fúmsa."

Rinne Fionn mar a d'iarr a bhean air ach bhí a sháith amhrais air. Ní raibh sé i bhfad sa chliabhán nuair a buaileadh cnag ar an doras.

"Cad é mar atá tú?" arsa bean Fhionn agus í soineanta go leor dar leat.

"Tá mé go breá," arsa an Fear Rua go lách. "An é seo teach Fhionn Mhic Chumhaill?"

"Is é," arsa bean Fhionn. "Níl Fionn sa bhaile anois. D'imigh sé leis chun na Spáinne ar maidin. Tá mo bhreithlá ann amárach agus tá sé chun fíon a fháil don fhleá. Tá mé ag déanamh nach mbeidh sé i bhfad. Thig leat fanacht más mian leat."

Shuigh sé síos agus chonaic sé an cliabhán sa chúinne. "Chím go bhfuil leanbh úr agaibh, beannú air. Cén aois an leanbh?" arsa an Fear Rua.

"Níl sé ach dhá mhí d'aois, ach tá sé ag dul a bheith iontach mór cosúil lena dhaidí," arsa bean Fhionn.

D'amharc an Fear Rua ar an leanbh arís. Más sin an mac níor mhaith liom an t-athair a fheiceáil, dar leis an Fhear Rua. D'fhág an Fear Rua slán ag bean Fhionn agus amach an doras leis. Bhí sé leathbhealaigh trasna na mara ar a bhealach ar ais go hAlbain nuair a bhain Fionn doras a thí féin amach. Thóg Fionn fód créafóige agus chaith sé leis an Fhear Rua é. Bhuail sé an Fear Rua ach d'fhág sé poll uafásach ina gharraí féin. Thit an fhearthainn go trom ar feadh seachtaine ansin agus líonadh an poll. Loch nEathach atá ar an pholl sin anois. Agus an fód creafóige? Sin Oileán Mhanann!!!

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning